

Polasaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Cuimhneacháin agus Ainmniú Comóradh (Athbhreithnithe 2025)

Clár Ábhair

1. Comhthéacs	1
2. Raon Feidhme	1
3. Cuimsiú agus éagsúlacht	2
4. Nósanna imeachta maidir le hainmniú agus le haghaidh plaiceanna, cuimhneacháin agus séadchomharthaí.	2
4.1 An Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin	2
4.2 Daoine a chomóradh	2
4.3 Grúpaí nó eagraíochtaí a chomóradh	2
4.4 Imeachtaí comórtha	3
4.5 Áiteanna comórtha	3
5. Scéim na bPlaiceanna Cuimhneacháin	3
6. Cuimhneachán nó séadchomhartha a thógáil.....	5
7. Bonneagar a ainmniú	5
8. Cláir rannpháirtíochta poiblí	5
9. Athbhreithniú ar an mbeartas	6
10. Glacadh	6

1. Comhthéacs

1.1 Aithnítear i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath go gcuireann oidhreacht na cathrach go mór le cuimhne chomhchoiteann a pobal agus le saibhreas agus éagsúlacht a creatlach uirbeach. Tá sé ríthábhachtach do charachtar, d'fhéiniúlacht agus do bharántúlacht na cathrach agus is sócmhainn shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch ríthábhachtach í d'fhorbairt na cathrach.¹

1.2 Aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gur cuid dár bhféiniúlacht í oidhreacht na cathrach agus go gcuireann sé go mór lenár bhfolláine agus lenár n-ómós áite.

1.3 Tugann comóradh poiblí agus searmanais chuimhneacháin deiseanna chun rannpháirtíocht an phobail le hoidhreacht na cathrach a chur chun cinn, agus chun ómós a thabhairt do dhuine, do ghrúpa daoine, d'imeachtaí nó d'áiteanna suntasacha, nó chun ceiliúradh a dhéanamh orthu.

1.4 Tugtar le comóradh deis don Chathair chun aird a tharraingt ar rannchuidithe tábhachtacha sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha don tsochaí, uathúlacht na Cathrach a cheiliúradh, agus 'ómós áite' a chruthú a aithnítear a bheith an-tábhachtach do shaoránaigh agus do chuairoteoirí.

1.5 Leagtar amach sa bheartas seo na critéir agus an próiseas trína mbreithneoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comóradh ar dhaoine, eagraíochtaí, suíomhanna nó imeachtaí a chuir le múnlú na cathrach, trí bhonneagar a ainmniú nó trí phlaiceanna, cuimhneacháin agus séadchomharthaí a shuiteáil i réimse an phobail.

1.6 Tá sé tábhachtach don Chomhairle Cathrach polasaí a bhunú ar an ábhar seo ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear:

- Gá a bheith le soiléire faoin bpolasaí agus faoi na nósanna imeachta atá ann maidir le moltaí a dhéanann daoine agus grúpaí sainleasa a bhreithniú.
- An t-éileamh mór ar ainmniú bonneagair agus cur in airde plaiceanna agus cuimhneachán.
- Gné mhothúchánach na n-iarratas i gcásanna go bhfuair an duine bás le déanaí nó inar tharla imeachtaí le déanaí.
- An gá atá le cinntiú nach mbainfidh an iomarca plaiceanna agus cuimhneachán de thaitneamhacht agus taitneamh i gcoitinne as na spásanna poiblí.

2. Raon Feidhme

2.1 Ní chumhdaítear leis an mbeartas seo tógáil cuimhneachán, e.g. crainn agus binsí, i bpáirceanna cathrach. Tá tógáil cuimhneachán i bpáirceanna cathrach faoi réir polasaí ar leith.

2.2 Ní chumhdaítear leis an bpolaasí seo tógáil ná suiteáil saothar ealaíne poiblí nach saothair chomórtha iad go príomha. Is ábhar don Choiste Comhairleach Ealaíon agus Cultúir í an ealaín phoiblí.

¹ Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028, Cuid 11.1.

2.3 Ní chumhdaítear leis an bpolasaí seo ainmniú sráideanna nua agus forbairtí nua. Déantar ainmniú sráideanna nua agus forbairtí nua mar chuid den phróiseas pleanála.

3. Cuimsiú agus éagsúlacht

3.1 Agus comóradh á dhéanamh ar dhaoine, eagraíochtaí, láithreacha agus ar imeachtaí, glacfaidh an Chomhairle cur chuige uilechuimsitheach agus measúil.

3.2 Ag teacht le haidhmeanna Phlean Forbartha na Cathrach, agus tograí comórtha á mbreithniú, déanfaidh an Chomhairle iarracht an easpa cothromaíochta maidir le cuimhneachán ar mhná sa Chathair a shlánú.²

4. Nósanna imeachta maidir le hainmniú agus le haghaidh plaiceanna, cuimhneacháin agus séadchomharthaí.

4.1 An Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin

4.1.1 Breithneoidh an Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin tograí maidir le bonneagar a ainmniú, sráideanna a athainmniú, agus plaiceanna agus cuimhneacháin a thiomnú.

4.1.2 Ní mór tograí den sórt sin a dhéanamh trí na próisis fhoirmiúla arna nglacadh ó am go ham ag an gCoiste.

4.1.3 Agus breithniú á dhéanamh ar cé acu duine, eagraíocht, suíomh, nó imeacht a chomóradh, cuirfidh an Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin roinnt critéar san áireamh (féach thíos).

4.2 Daoine a chomóradh

4.2.1 Féadfaidh an Chomhairle comóradh a dhéanamh ar dhuine/daoine a rugadh, nó a raibh cónaí orthu, i mBaile Átha Cliath, nó a raibh naisc láidre agus/nó bhuana acu leis an gcathair.

4.2.2 Ní mór don duine/do na daoine cur go mór lena bpobal féin, lena réimse gníomhaíochta, nó le saol nó stair Bhaile Átha Cliath.

4.2.3 Ní bhreithneofar ar thograí comóradh a dhéanamh ar dhaoine atá beo go fóill. Ní mór don duine/do na daoine a bheith marbh le fiche bliain ar a laghad roimhe sin, nó ní mór go mbeidh céad bliain caite óna mbreith.

4.2.4 Cuirfear san áireamh a mhéid atá an duine á chomóradh sa chathair cheana féin.

4.3 Grúpaí nó eagraíochtaí a chomóradh

4.3.1 Féadfaidh an Chomhairle comóradh a dhéanamh ar eagraíochtaí nó ar ghrúpaí a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath, nó a bhí gníomhach i mBaile Átha Cliath, nó a raibh naisc láidre agus/nó bhuana acu leis an gcathair.

² Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028, cuspóir CU059.

4.3.2 Ní mór don eagraíocht nó don ghrúpa rannchuidiú suntasach a bheith déanta acu dá bpobal féin, dá réimse gníomhaíochta, nó do shaol nó stair Bhaile Átha Cliath.

4.3.3 Cuirfear san áireamh an méid atá an eagraíocht á comóradh sa chathair cheana féin.

4.4 Imeachtaí comórtha

4.4.1 Féadfaidh an Chomhairle comóradh a dhéanamh ar imeachtaí a bhfuil tábhacht leo don chathair agus dá saoránaigh, nó do phobal laistigh den chathair.

4.4.2 Ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ní mór gur tharla an imeacht fiche bliain ar a laghad roimhe sin.

4.4.3 Cuirfear san áireamh a mhéid atá an imeacht á comóradh sa chathair cheana féin.

4.5 Áiteanna comórtha

4.5.1 Féadfaidh an Chomhairle comóradh a dhéanamh ar shuíomhanna, nó ar fhoirgnimh, atá suntasach don chathair agus dá saoránaigh, nó do phobal laistigh den chathair.

5. Scéim na bPlaiceanna Cuimhneacháin

5.1. Feidhmíonn an Chomhairle scéim fhoirmiúil faoina bhféadfaidh sé plaiceanna comórtha a chur in airde.

5.2 Breithneoidh an Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin tograí chun plaiceanna a thógáil.

5.3 Ní bhreithneoidh an Coiste ach tograí chun plaiceanna a thógáil faoina scéim féin agus ní bhreithneoidh sé tograí chun aon phlaic a thógáil faoi aon scéim eile.

5.4 Tá na plaiceanna deartha le bheith greamaithe d'fhoirgneamh/struchtúr: ní bhreithneoidh an Coiste tograí chun na plaiceanna sin a leabú sa chosán.

5.5 Tá dearadh saincheaptha coimisiúnaithe ag an gComhairle, lena n-áirítear leagan amach agus líon na gcarachtar, do na plaiceanna.

5.6 Bainfidh gach plaic chomórtha atá curtha in airde ag an gComhairle úsáid as an dearadh sin.

5.7 Beidh foclaíocht na plaice i nGaeilge agus i mBéarla.

5.8 Is é an Coiste a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir leis an bhfoclaíocht atá le feiceáil ar an bplaic.

5.9 Féadfaidh baill den phobal, agus eagraíochtaí agus grúpaí, moladh a dhéanamh go gcuirfí plaic in airde, agus déanfar na tograí sin ar an suíomh gréasáin/ar an bhfoirm oifigiúil.

5.10 Féadfaidh comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tograí a

dhéanamh freisin trí thairiscint arna glacadh ag an gComhairle Cathrach, nó ag coiste ceantair.

5.11 I gcásanna ina bhfuil gaolta beo ag an duine atá le comóradh, d'fhéadfadh go mbeadh gá le comhaontú na ngaolta sin chun an phlaic a thógáil.

5.12 I ngach cás, tá an togróir freagrach as cead i scríbhinn a fháil ó úinéir an fhoirgnimh ar a bhfuil an phlaic le tógáil agus ní bhreithneoidh an Coiste togra go foirmiúil mura mbeidh an cead sin curtha isteach mar chuid den iarratas.

5.13 Ní mór don phobal rochtain éasca (gan aon táille) a bheith acu ar an bhfoirgneamh/struchtúr ar a bhfuil an phlaic le cur in airde.

5.14 Ní mór aghaidh an fhoirgnimh atá beartaithe don phlaic a bheith i riocht agus in ord maisiúil cuí agus ba chóir é a bheith oiriúnach chun an phlaic a thaispeáint ar airde atá inléite.

5.15 Ní mór gach togra chun séadchomharthaí, cuimhneacháin nó plaiceanna a chur in airde na rialacháin phleanála a chomhlíonadh. Is gá cead scríofa a fháil ó Rannóg Caomhantais/ó Roinn Forbartha Maoine Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun plaic a chur in airde ar struchtúr atá faoi chosaint.

5.16 Déanfar aon togra chun plaic a chur in airde ar fhoirgneamh nach bhfuil faoi chosaint ach atá suite laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta a tharchur le haghaidh comhairliúcháin leis an Oifig Caomhantais (an Roinn Pleanála) chun soiléiriú a fháil.

5.17 I gcásanna ina ndéantar iarratas ar phlaic a thógáil ar fhoirgneamh a bhfuil comhcheangail stairiúla iolracha aige, féadfar méid na gcomhlachas sin a chur san áireamh agus an t-iarratas á bhreithniú.

5.18 Féadfaidh an Coiste tuilleadh eolais a lorg ón togróir agus i gcásanna den sórt sin, ní bhreithneoidh sé an togra go foirmiúil ach amháin nuair a bheidh an fhaisnéis sin curtha isteach.

5.19 Féadfaidh an Coiste, de réir mar is cuí leis, comhairle saineolaithe a lorg agus tograí á mbreithniú aige.

5.20 Rachaidh an Coiste i gcomhairle leis na togróirí maidir leis na socruithe chun an phlaic a shuiteáil agus a nochtadh, ach is é an Coiste a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir leis na socruithe.

5.21 I gcásanna inar dhiúltaigh an Coiste do thogra, ní fhéadfaidh an togróir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh ach amháin ar an bhforas go raibh breithniú an Choiste ar thogra éagórach, míréasúnta nó neamhleor ó thaobh nós imeachta de.

5.22 Ní mór aon achomharc den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste laistigh de cheithre seachtaine ó eisiúint chinneadh an Choiste.

6. Cuimhneachán nó séadchomhartha a thógáil

6.1 Breithneoidh an Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin tograí chun cuimhneacháin agus séadchomharthaí a thógáil.

6.2 Meastar gur struchtúr tríthoiseach é séadchomhartha de rilíf ard agus íseal, de dhearadh ailtireachta nó dealbhóireachta.

6.3 Féadfaidh an Chomhairle tograí a ghlacadh lena mbreithniú chun séadchomharthaí comórtha a thógáil a dhéantar trína próiseas foirmiúil iarratais.

6.4 Ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ní bhreithneoidh an Chomhairle tograí chun séadchomharthaí a thógáil atá deartha agus/nó monaraithe cheana féin.

6.5 Má cheadaíonn an Chomhairle séadchomhartha a thógáil, rachaidh sé i mbun próiseas coimisiúnaithe chun an séadchomhartha a dhearadh agus a mhonarú.

6.6 Cuirfear tograí le haghaidh séadchomharthaí atá faofa ag an gCoiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Ealaíon agus Cultúir lena mbreithniú agus lena moladh maidir lena bhfiúntas ealaíne agus féidearthacht theicniúil.

6.7 Ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, níor cheart duine/daoine a chomóradh ach le séadchomhartha amháin.

7. Bonneagar a ainmniú

7.1 Breithneoidh an Coiste Cuimhneachán agus Ainmniúcháin tograí le haghaidh bonneagar mór a ainmniú.

7.2 Chun críocha an pholasaithe seo, cuimsítear le bonneagar foirgnimh, agus droichid, agus struchtúir eile.

7.3 Ní ainmneofar oifigí cathartha, áiseanna fónais chathartha, stáisiúin briogáide dóiteáin, agus leabharlanna poiblí i ndiaidh daoine aonair ná imeachtaí, ach ainmneofar iad chun an ceantar a léiriú.

8. Cláir rannpháirtíochta poiblí

8.1 Féadfaidh Comhairle Cathrach duine, eagraíocht, suíomh nó imeacht a chomóradh trí chláir rannpháirtíochta poiblí.

8.2 Áirítear ar chláir den sórt sin iad siúd a sheachadann rannóga éagsúla den Chomhairle (e.g. leabharlanna, seirbhísí oidhreachta, seirbhísí seandálaíochta, Oifig na nEalaíon).

8.3 Féadfaidh an Chomhairle freisin, trí scéim deontas comórtha, tacú le heagraíochtaí agus grúpaí chun tionscadail agus foilseacháin chomórtha a sheachadadh.

9. Athbhreithniú ar an bpolasaí

Féadfaidh an Chomhairle an polasaí seo a athbhreithniú agus a leasú de réir mar a chinnfidh sé ó am go ham, ach déanfaidh sé amhlaidh uair amháin ar a laghad gach cúig bliana.

10. Glacadh

D'fhaomh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an polasaí seo ag a cruinniú a tionóladh ar an 3 Samhain 2025.